CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH



# CLÁR BEALTAINE

## BEALTAINE PROGRAMME 2023

**AIBREÁN - MEITHEAMH 2023**

APRIL - JUNE 2023

FÉASTA NA BEALTAINE

# FOCAL ÓN STIÚRTHÓIR
# WORD FROM THE DIRECTOR

Mol an óige agus tiocfaidh sí! Bhí sé mar aidhm riamh ag Cultúrlann McAdam Ó Fiaich deiseanna fostaíochta agus cruthaitheachta a chur ar fáil go háirithe don mhuintir óga. De réir mar a théann na blianta thart, bíonn torthaí na hoibre atá déanta le breis agus 30 bliain anuas le feiceáil.

Iardhalta de chuid Choláiste Feirste í Caoimhe Ní Ruanaidh, an Cúntóir Radharcealaíon s'againn. Agus í ar scoil bhí saothar léi i dtaispeántas Choláiste Feirste anseo. Anois is í Caoimhe atá ag reáchtáil na dtaispeántas uilig i nDánlann Dillon agus sna Ballaí Bána.

Tá oíche ghalánta i ndán dúinn ar an 1ú Meitheamh nuair a sheolfar taispéantais Tomas Monteiro agus Lane Shipsey le ceol beo. Buail isteach go luath agus tapaigh an deis béile blasta a fháil in Bia Loch Lao, an bhialann úr atá faoi stiúir Dhónail Uí Raghallaigh, a bhí ina fhreastalaí óg anseo uair den tsaol. Tá neart imeachtaí óige againn idir rannta agus dánta leis Na Bopóga, drámaíocht in Aisling Óg, ceol in Airneál na nÓg, agus spraoi i gCumann Óige na bhFál.

Beidh Gráinne Holland inár dteannta le Ceol na Sióg agus ceiliúradh ar fhéile na Bealtaine agus ar na hiontais iomadúla, dhraíochtúla atá sa dúlra thart timpeall orainn.

Tá ardmholadh faighte ag ár gcairde in Bruiser Theatre as a léiriú stáitse ar 'Mojo Mickybo' le Owen McCafferty. Scéal beirt rógairí naoi mbliana d'aois atá ann, iad gafa le heachtraí buachaillí bó, a dtéann an choimhlint fhoréigneach thart timpeall orthu i bhfeidhm ar a gcairdeas. Ná caill amach ar an deis an dráma cumhachtach seo a fheiceáil.

Táimid thar a bheith buíoch dár bpríomh-mhaoinitheoir, an Chomhairle Ealaíon, agus dár maoinitheoirí uilig as a dtacaíocht fhial agus táimid ag dúil le d'fheiceáil go luath!

*Praise the young and they will flourish! Here in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich we have always strived to give young people in particular opportunities to thrive creatively and in their careers. With every year that passes, the fruits of the hard work over the last 30 years become clear for all to see.*



*Our Visual Arts Assistant, Caoimhe Ní Ruanaidh, was a pupil of Coláiste Feirste whose own work featured in the school's annual art exhibition here. Today she runs all our exhibitions in the Dillon and Ballaí Bána galleries.*

*Join us on 23rd March for an evening of art and music as we launch exhibitions by Susan Huges and Michelle Harton. Call in early to enjoy the delicious food in the cosy atmosphere of Bia Loch Lao. The new restaurant is in the capable hands of Dónal Ó Raghallaigh, who started out in the hospitality industry almost 20 years ago as a young waiter here in the Cultúrlann.*

*Our programme has plenty of events for youngsters – rhymes with Na Bopóga, drama in Aisling Óg, music in Airneál na nÓg and plenty of fun in the Monday night youth club.*

*Join Gráinne Holland as she attunes our ear to Ceol na Sióg, the music of the fairy folk, in a celebration of Bealtaine and the myriad of natural wonders all around us.*

*Bruiser Theatre has received huge critical acclaim for their production of 'Mojo Mickybo' by Owen McCafferty, the story of two 9 year old rogues whose lives revolve around cowboy adventures against the backdrop of a violent conflict that will ultimately affect their friendship. Don't miss the opportunity to see this poignant work.*

*As always, we are very grateful to the Arts Council and all our funders for their continued support, and look forward to welcoming you soon.*

**Gráinne Ní Ghilín**

# TEACHTAIREACHT ÓNÁR bPRÍOMH-MHAOINITHEOIR
# MESSAGE FROM OUR PRINCIPAL FUNDER

Fáiltíonn an Chultúrlann roimh shéasúr nua le sárchlár nua agus tugann dúinn splanc thráthúil d'inspioráid chruthaitheach a chuideoidh linn míonna fada an gheimhridh a chur taobh thiar dínn. Tá go leor i gClár na Bealtaine a mbainfidh gach duine taitneamh as, cuma cén aois thú nó cén spéis atá agat – taispeántais nua, lena n-áirítear céad taispeántas gairmiúil bhuaiteoir Ghradam Dillon, Tomas Monteiro; scoth an cheoil thraidisiúnta leis Na Jeremiahs, grúpa de na grúpaí ceoil is spreagúla le teacht chun cinn in Éirinn le blianta beaga anuas; agus athléiriú Chompántas Amharclainne Bruiser den chlasaic nua-aimseartha 'Mojo Mickeybo', léiriú den scoth a bhain 'Best Ensemble' ag Gradaim Amharclainne an Irish Times, 2022. Mar phríomh-mhaoinitheoir trí chistí an Chrannchuir Náisiúnta, tá bród ar an Chomhairle Ealaíon tacaíocht a thabhairt do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich agus í ag leanúint ar aghaidh ag spreagadh, ag soláthar siamsa agus ag tógáil chroíthe an phobail trí na healaíona.



*Cultúrlann welcomes in another season with a great new programme and a timely shot of creative inspiration to help put the long winter months behind us. The Bealtaine programme has lots for everyone to enjoy, whatever your age or interests – new exhibitions, including the first professional show by the Dillon Award winner, Tomas Monteiro; traditional music at its best with The Jeremiahs, one of the most exciting bands to emerge from Ireland in recent years; and Bruiser Theatre's revival of a that modern-day Belfast classic, Mojo Mickybo, in an outstanding production which picked up 'Best Ensemble' at the 2022 Irish Times Theatre Awards.*
*As principal funder through our Exchequer and National Lottery funds, the Arts Council is proud to support the Cultúrlann as it continues to lift, inspire and entertain everyone through the arts.*

**Roisín McDonough,**
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
*Chief Executive,*
*Arts Council of Northern Ireland*

# AIBREÁN | APRIL

| Imeacht | Cineál Imeachta |
|---|---|
| **Susan Hughes: Léaspáin**<br>23/03/23 - 26/05/23 | *Na hAmharcealaíona/ Visual Arts* |
| **Michelle Harton: The Land Of Gemini**<br>23/03/23 - 26/05/23 | *Na hAmharcealaíona / Visual Arts* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>01/04/23 \| 12:00 - 2:00pm | *Ceol / Music* |
| **Oíche Síol**<br>01/04/23 \| 8:00pm | *Pobal / Community* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>03/04/23 \| 6:00 - 10:00pm | *Óige / Youth* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>08/04/23 \| 12:00 - 2:00pm | *Ceol / Music* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>17/04/23 \| 6:00 - 10:00pm | *Óige / Youth* |
| **Ióga le Dúnla**<br>18/04/23 \| 6:30pm | *Pobal / Community* |
| **Na Saoithe gan Locht**<br>19/04/23 \| 10:00am - 12:00pm | *Oideachas / Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>19/04/23 \| 4:00 - 5:00pm | *Ceol & Óige / Music & Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>19/04/23 - 28/06/23 \| 7:00 - 9:00pm | *Oideachas / Education* |

## AIBREÁN | APRIL

| Imeacht | Cineál Imeachta |
|---|---|
| **Cór na mBan \| Féile Women's Choir**<br>19/04/23 | *Ceol \| Music* |
| **Na Bopóga**<br>22/04/23 \| 11:00am - 12:00pm | *Teaghlaigh \| Families* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>22/04/23 \| 12:00 - 2:00pm | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>22/04/23 \| 1:00 - 3:00pm | *Óige \| Youth* |
| **Ceolchoirm \| Concert: The Jeremiahs**<br>22/04/23 \| 8:00pm | *Ceol \| Music* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>24/04/23 \| 6:00 - 10:00pm | *Óige \| Youth* |
| **Ióga le Dúnla**<br>25/04/23 \| 6:30pm | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe gan Locht**<br>26/04/23 \| 10:00am - 12:00pm | *Oideachas \| Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>26/04/23 \| 4:00 - 5:00pm | *Ceol & Óige \| Music & Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>26/04/23 - 28/06/23 \| 7:00pm | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan \| Féile Women's Choir**<br>26/04/23 | *Ceol \| Music* |
| **Ceol na mBan**<br>28/4/23 \| 12:00 - 2:00pm | *Ceol \| Music* |
| **Na Bopóga**<br>29/04/23 \| 11:00am - 12:00pm | *Teaghlaigh \| Families* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>29/04/23 \| 12:00 - 2:00pm | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>29/04/23 \| 1:00 - 3:00pm | *Óige \| Youth* |

# BEALTAINE | MAY

| Imeacht | Cineál Imeachta | |
|---|---|---|
| **Ióga le Dúnla**<br>02/05/23 \| 6:30pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe gan Locht**<br>03/05/23 \| 10:00am - 12:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>03/05/23 \| 4:00 - 5:00pm | | *Ceol & Óige \| Music & Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>03/05/23 \| 7:00 - 9:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan \| Féile Women's Choir**<br>03/05/23 | | *Ceol \| Music* |
| **Na Bopóga**<br>06/05/23 \| 11:00am - 12:00pm | | *Teaghlaigh \| Families* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>06/05/23 \| 12:00 - 2:00pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>06/05/23 \| 1:00 - 3:00pm | | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>08/05/23 \| 6:00 - 10:00pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ióga le Dúnla**<br>09/05/23 \| 6:30pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe gan Locht**<br>10/05/23 \| 10:00am - 12:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>10/05/23 \| 4:00 - 5:00pm | | *Ceol & Óige \| Music & Youth* |

## BEALTAINE | MAY

| Imeacht | Cineál Imeachta |
|---|---|
| **Ranganna Gaeilge**<br>10/05/23 \| 7:00 - 9:00pm | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan \| Féile Women's Choir**<br>10/05/23 | *Ceol \| Music* |
| **Mojo MickyBo**<br>11/05/23 \| 7:30pm | *Amharclannaíocht \| Theatre* |
| **Ceol na Sióg**<br>12/05/23 \| 11:00am<br>12/05/23 \| 1:00pm | *Ceol & Óige \| Music & Youth* |
| **Ceol na Sióg**<br>13/05/23 \| 2:00pm | *Ceol & Óige \| Music & Youth* |
| **Na Bopóga**<br>13/05/23\| 11:00am - 12:00pm | *Teaghlaigh \| Families* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>13/05/23 \| 12:00 - 2:00pm | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>13/05/23 \| 1:00 - 3:00pm | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>15/05/23 \| 6:00 - 10:00pm | *Óige \| Youth* |
| **Ióga le Dúnla**<br>16/05/23 \| 6:30pm | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe gan Locht**<br>17/05/23 \| 10:00am - 12:00pm | *Oideachas \| Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>17/05/23 \| 4:00 - 5:00pm | *Ceol & Óige \| Music & Youth* |

# BEALTAINE | MAY

| Imeacht | Cineál Imeachta | |
|---|---|---|
| **Ranganna Gaeilge**<br>17/05/23 \| 7:00 - 9:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan \| Féile Women's Choir**<br>17/05/23 | | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>20/05/23 \| 12:00 - 2:00pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>20/05/23 \| 1:00 - 3:00pm | | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>22/05/23 \| 6:00 - 10:00pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ióga le Dúnla**<br>23/05/23 \| 6:30pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe gan Locht**<br>24/05/23 \| 10:00am - 12:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>24/05/23 \| 4:00 - 5:00pm | | *Ceol & Óige \| Music & Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>24/05/23 \| 7:00 - 9:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan \| Féile Women's Choir**<br>24/05/23 | | *Ceol \| Music* |
| **Ceol na mBan**<br>26/05/23 \| 12:00 - 2:00pm | | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>27/05/23 \| 12:00 - 2:00pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>27/05/23 \| 1:00 - 3:00pm | | *Óige \| Youth* |

## MEITHEAMH | JUNE

| Imeacht | Cineál Imeachta | |
|---|---|---|
| **Tomas Monteiro:**<br>01/06/23 - 27/07/23<br>Seoladh: 01/06/23 \| 7:00pm | | *Na hAmharcealaíona/ Visual Arts* |
| **Lane Shipsey: Homing**<br>01/06/23 - 27/07/23<br>Seoladh: 01/06/23 \| 7:00pm | | *Na hAmharcealaíona/ Visual Arts* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>05/06/23 \| 6:00 - 10:00pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ióga le Dúnla**<br>06/06/23 \| 6:30pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe gan Locht**<br>07/06/23 \| 10:00am - 12:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>07/06/23 \| 4:00 - 5:00pm | | *Ceol & Óige \| Music & Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>07/06/23 \| 7:00 - 9:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan \| Féile Women's Choir**<br>07/06/23 | | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>10/06/23 \| 12:00 - 2:00pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>10/06/23 \| 1:00 - 3:00pm | | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>12/06/23 \| 6:00 - 10:00pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ióga le Dúnla**<br>13/06/23 \| 6:30pm | | *Pobal \| Community* |

## MEITHEAMH | JUNE

| Imeacht | Cineál Imeachta | |
|---|---|---|
| **Na Saoithe gan Locht**<br>14/06/23 \| 10:00am - 12:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>14/06/23 \| 4:00 - 5:00pm | | *Ceol & Óige \| Music & Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>14/06/23 \| 7:00 - 9:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan \| Féile Women's Choir**<br>14/06/23 | Ceol \| Music | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>17/06/23 \| 12:00 - 2:00pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>17/06/23 \| 1:00 - 3:00pm | | *Óige \| Youth* |
| **Oíche Síol**<br>17/06/23 \| 8:00pm | | *Pobal \| Community* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>19/06/23 \| 6:00 - 10:00pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ióga le Dúnla**<br>20/06/23 \| 6:30pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe gan Locht**<br>21/06/23 \| 10:00am - 12:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Airneál na nÓg**<br>21/06/23 \| 4:00pm - 5:00pm | | *Ceol & Óige \| Music & Youth* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>21/06/23 \| 7:00 - 9:00pm | | *Oideachas \| Education* |

## MEITHEAMH | JUNE

| Imeacht | Cineál Imeachta | |
|---|---|---|
| **Cór na mBan \| Féile Women's Choir**<br>21/06/23 | | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>24/06/23 \| 12:00 - 2:00pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>24/06/23 \| 1:00 - 3:00pm | | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>26/06/23 \| 6:00 - 10:00pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ióga le Dúnla**<br>27/06/23 \| 6:30pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe gan Locht**<br>28/06/23 \| 10:00am - 12:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Ceiliúradh Deireadh Bliana na Ranganna**<br>28/06/23 \| 7:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan \| Féile Women's Choir**<br>28/06/23 | | *Ceol \| Music* |
| **Ceol na mBan**<br>30/06/23 \| 12:00 - 2:00pm | | *Ceol \| Music* |




## AN CEATHRÚ PÓILÍ

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge An Ceathrú Póilí agus muid 40 bliain ar an fhód i mbliana. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

*An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.*

| | |
|---|---|
| Uaireanta oscailte: Opening Hours | |
| Luan - Aoine : Monday - Friday | |
| 9:30am | 5:30pm |
| Satharn : Saturday | |
| 9:30am | 4:00pm |
| www.anceathrupoili.com | |



## BIA LOCH LAO

Agus é suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, foirgneamh aitheanta i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta ar Bhóthar na bhFál, soláthraíonn Bia Loch Lao bia úr, an-bhlasta atá fréamhaithe i gcócaireacht thraidisiúnta na hÉireann, trí úsáid a bhaint as comhábhair áitiúla. Agus muid ag soláthar seirbhís chairdiúil den scoth, cuireann muid ar fáil na nithe seo a leanas: bricfeasta, bróinse, lón, dinnéar, caife atá rósta go háitiúil, earraí nua-bhácáilte, seirbhís dhéilí ag am lóin agus go leor, leor eile. Bígí linn!

*Located in the Cultúrlann, an iconic building within the Gaeltacht Quarter on the Falls Road, Bia Loch Lao is serving fresh, delicious food using local ingredients, rooted in traditional Irish cooking. Providing both an outstanding and friendly service, we serve breakfast, brunch, lunch, dinner, locally roasted coffee, fresh baked goods, a lunch time deli service and so much more. Be sure to call in!*

| Uaireanta oscailte: Opening Hours: | |
|---|---|
| Luan - Domhnach: Monday - Sunday: | |
| 9:00am | 9:00pm |
















## SEOMRAÍ AR CÍOS
## ROOMS FOR HIRE

Tá réimse leathan spásanna ilúsáide againn anseo i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich. Tá na seomraí foirfe le haghaidh cruinnithe, taispeántais, ceolchoirmeacha, ócáidí sóisialta agus go leor, leor eile.

*We have a wide range of versatile rooms available for hire here at Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. The rooms are perfect for meetings, exhibitions, concerts, social gatherings and much more.*

Le tuilleadh eolais a fháil
For more information

Liosta praghsanna a fheiceáil nó le seomra a chur in áirithe, gabh chuig:
To see a list of prices or to book a room, go to :

**www.culturlann.ie**

028 9096 4180




# CUMANN ÓIGE NA BHFÁL

Beidh Cumann Óige na bhFál ar ais le seisiún do pháistí bunscoile (6-8pm) agus seisiún do dhéagóirí (8-10pm). Ar a bharr seo cuirimid cúrsaí forbartha pearsanta ar fáil do na déagóirí, iad dírithe ar shláinte, ar mheabhairshláinte, ar shábháilteacht ar líne agus ar thromaíocht agus eile.

*Cumann Óige na bhFál is back with a session for primary school children (6-8pm) and a teenagers' session (8- 10pm). As well as this we're running personal development courses for our teenagers focusing on health, mental health, safety online, bullying and more.*

| Páistí Bunscoile: | |
|---|---|
| 6:00pm | 8:00pm |
| **Déagóirí:** | |
| 8:00 | 10:00pm |

Cumann Óige na bhFál




## AISLING ÓG

Beidh scoil drámaíochta na Cultúrlainne 'Aisling Óg' ag cur tús le téarma nua an 22 Aibreán agus tá muid ar bís! Seo deis iontach le cur le muinín agus le scileanna cumarsáide agus aisteoireachta páistí óga ó Rang 1 ar aghaidh chomh maith le bualadh le cairde nua agus spraoi a bheith acu. Déanann muid gach gné de na healaíona a chíoradh - damhsa, ealaín, ceol agus drámaíocht ina measc, le clár spreagúil bríomhar a chomhlíonadh. Bíonn seó againn ag deireadh an téarma lenár gcuid oibre crua a chur ar taispeáint.

*Cultúrlann's Drama School 'Aisling Óg' will start back on 22 April and we cannot wait! This is a great opportunity for children from Primary 1 and up to build on their confidence, conversational skills and acting abilities, all whilst making new friends and having great fun. We explore every aspect of the arts including dance, art, music and drama to fulfil an exciting and engaging programme. We also produce an end of term performance to show off all our hard work.*

| | |
|---|---|
| Dáta \| Date | |
| 22/04/23 - 24/06/23 | |
| Am \| Time | |
| 1:00pm | 3:00pm : |
| £30 | |
| Cláraigh \| Register: | |
| https://culturlann.ticketsolve.com/shows | |



## NA BOPÓGA

Ná caill Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo, agus a gcairde go léir lena gcuid scéalta, amhrán agus damhsaí a mbainfidh páistí beaga an-spraoi astu agus iad ag cur lena bhforbairt oideachasúil. Beidh réimse scéalaíochta, puipeadóireachta agus gníomhaíochtaí ealaíne ann le suim na bpáistí a mhealladh.

*Don't miss Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo and all their friends with their stories, songs and dances that small children will enjoy while enhancing their educational development. There will be plenty of storytelling, puppets and art activities to keep the little ones entertained.*

| Dáta \| Date | |
|---|---|
| 22\|04\|23 - 13\|05\|23 | |
| Am \| Time | |
| 11:00am | 12:00pm |
| £3 | |
| Cláraigh \| Register: | |
| https://culturlann.ticketsolve.com/shows | |




## AIRNEÁL NA nÓG

Is faoi stiúir Chaitríona Gribben atá Airneál na nÓg agus bheirfidh bhéarfaidh sé deis do pháistí iad féin a bhá sa cheol. Beidh réimse gníomhaíochtaí ann chun scileanna na bpáistí sna healaíona agus sa chultúr Ghaelach a fhorbairt agus cuirfear béim ar an fheadóg stáin agus ar an cheol. Cúrsa 8 seachtaine a bheidh ann, ag tosu 19 Aibreán.

*Airneál na nÓg returns under the direction of Caitríona Gribben and will give children the chance to immerse themselves in music. There will be a variety of activities developing young people's skills in the arts and Irish culture, focusing on the tin whistle and singing. This is an 8 week course, starting 19 April.*

| Dáta \| Date | |
|---|---|
| 19\|04\|23 | 21\|06\|23 |
| Am \| Time | |
| 4:00am | 5:00pm |
| £30 | |
| Cláraigh \| Register: | |
| https://culturlann.ticketsolve.com/shows | |



## BABAITHE CULTÚIR
## CULTURE BABIES

Bígí linn le haghaidh sraith nua de Bhabaithe Cultúir, réimse d'eispéiris idirghníomhacha chruthaitheacha a chuireann le samhlaíocht na bpáistí óga trí dheiseanna a thabhairt dóibh triail a bhaint as rudaí nua. Bíonn saoirse acu prácás a dhéanamh agus a gcuid scileanna cruthaitheacha a fhiosrú i spás sábháilte, fáilteach Gaelach. Cé go mbíonn an seisiún seo trí mheán na Gaeilge, tá fáilte roimh gach duine, cibé cumas sa teanga atá acu.

*Join us for a new series of Babaithe Cultúir (Culture Babies), a range of interactive and creative experiences that support young children's creative expression by enabling them to try new things, and giving them the freedom to get as messy and as creative as they want, in a safe, fun and welcoming Irish language environment. Delivered in Irish, everyone is welcome regardless of their level of fluency in Irish.*

| Dáta \| Date | |
|---|---|
| 04\|04\|23 | 02\|05\|23 |
| 06\|06\|23 | |
| **Am \| Time** | |
| 10:00am | 11:30 am |
| £3 an tseachtain \| per week | |

YOUNG at ART



## CEOL NA SIÓG: GRÁINNE HOLLAND

Bí linn do cheolchoirm ghalánta le fáilte a chur roimh aimsir na Bealtaine ina ndéanfar ceiliúradh sa cheol ar áilleacht agus ar iontais an nádúir le Gráinne Holland agus a cairde. Déanfar sibh a mhealladh isteach i ndomhan mistéiireach an ulchabháin agus é ag faoileoireacht sa dorchadas ag coimhéad ar an luchóg bheag atá ag bocléim agus ag rith faoi sholas na lánghealaí. Cluinfear fuaim na habhann sa cheol agus leanfaidh muid a turas óna tús mar shruthán beag sléibhe, folcadán na n-éan, agus mar a shníomhann sí ansin fríd an choill, áit a mbíonn bradáin mhóra ina léim le háthas, go dtí go mbuaileann sí leis an fharraige mhór, áit a mbíonn na corra réisc ocracha ag fanacht le breith ar a lón. Féach na beacha agus na féileacáin agus iad ag cleitearnach agus ag drantán i measc na mbláthanna agus iad ag cruinniú neachtair; agus na hioraí rua ag bailiú stór de chnónna agus de shíolta ó urlár na coille. Cairde de chuid na sióg iad uilig. Má amharcann tú go cúramach, b'fhéidir go bhfeicfidh tú sióg ag marcaíocht ar dhroim faoileáin os cionn na farraige, nó sióg eile ar dhroim na deilfe agus é ag léim go háthasach sna tonnta móra. Domhan draíochtach an nádúir!

Join us for a beautiful concert as we celebrate the coming of Bealtaine and the beauty of nature through music with the majestic Gráinne Holland and friends. Enter the magical world of the mysterious owl gliding through the darkness watching the little mouse below leaping and running under the light of the full moon. The singing sound of



## DÉANFAR SIBH A MHEALLADH ISTEACH I nDOMHAN MISTÉIIREACH AN ULCHABHÁIN

the river bewitches you as it begins its journey as a mountain stream where the birds bathe, then flows through the forest as the salmon leap for joy in its waters, finally meeting the sea where the herons are waiting to catch their lunch. The bees and butterflies are busy fluttering and buzzing among the flowers below as they collect sweet nectar and the squirrels are darting around beside them gathering nuts and seeds from the forest floor. They are all friends of the fairies and if you look closely, you might just see a fairy, riding on the back of a seagull as it flies over the sea or on the back of a dolphin as it leaps for joy in the waves below.

| Dáta \| Date | |
|---|---|
| 12/05/23 | |
| Seó Luath | 11:00am |
| Seó meán lae | 1:00pm |
| 13/05/23 | 2:00pm |
| £7 | |

Ciste Spreagtha
Seachtain na Gaeilge le energia
Conradh na Gaeilge
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media




## ARTICULATE: FOCAIL FHIÁINE | WILD WORDS

Tá muid thar bheith tógtha faoinár gclár nua a bheas ag tacú le daoine óga dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le meabhairshláinte agus folláine fríd an scríbhneoireacht. Tá sé mar aidhm ag an chlár na daoine óga a chumasú leis na scileanna riachtanacha chun ciall a bhaint as a n-eispéiris agus modhanna a fhorbairt le plé le cúrsaí an tsaoil, chomh maith le bealach a chruthú lena gcuid smaointí agus mothúcháin a chur in iúl. Cuirfear fáilte roimh dhaoiné óga bheith páirteach sa chlár ina mbeidh aíonna speisialta, turais agus gníomhaíochtaí sultmhara.

*We are very excited to kick off our recently funded ARTiculate program that aims to support young Irish speakers in addressing issues related to mental health and wellbeing through writing. The program aims to equip the participants with the necessary skills to make sense of their experiences and develop coping mechanisms while also providing an outlet to express their thoughts and feelings. Young people are welcome to register for the programme which will include special guest writers, trips and enjoyable activities.*

| Oícheanta Luain \| Monday Nights | |
|---|---|
| Ag tosú \| Starting: | 17/04/23 |
| 6:30 | 7:30pm |
| Aois \| Age | 12 - 18 |

LOTTERY FUNDED

## COIRNÉAL AN CHEOIL
## THE MUSIC CORNER

| Gach Satharn \| Every Saturday | |
|---|---|
| 12:00pm | 2:00pm |

Bígí linn gach aon Satharn sa chaifé nuair a bhíonn sárcheoltóirí ag seinm scoth an cheoil thraidisiúnta.

*Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians playing in the cafe.*



## CEOL NA mBAN

| | |
|---|---|
| 28/04/23 | |
| 12:00pm | 2:00pm |
| 26/05/23 | |
| 12:00pm | 2:00pm |
| 30/06/23 | |
| 12:00pm | 2:00pm |



Ábhar misnigh dúinn uilig seisiún speisialta na mban a bhíonn againn sa chaifé ar an Aoine dheireanach de gach mí mar aitheantas ar thábhacht, ar thallann agus ar ról na mban in earnáil an cheoil thraidisiúnta.

**Fáilte roimh chách, buailigí isteach orainn!**

*As the end of the month draws upon us, we are delighted that on the last Friday of each month, we'll have an all-female-led session in recognition of the importance, the talent and the role of women in the traditional music scene.*

**All welcome, be sure to call in!**

## OÍCHE SÍOL

Oíche ar leith shiamsaíochta arna cur i láthair ag Máire Dhubh agus a cairde. Bíonn scoth an cheoil, na cuideachta agus na nduaiseanna deasa ag Oíche Síol. Cuirtear fáilte roimh gach duine amhrán nó scéal a rá, nó cúpla port a bhualadh. Téann gach fáltas ón oíche chuig an iliomad carthanachtaí a dtugann Síol tacaíocht dóibh.

Crannchur ar an oíche do chách a cheannaíonn ticéad.

*A special night of entertainment presented by Máire Dhubh and friends. Oíche Síol is always a great night of music, company and some nice prizes. We welcome anyone who wants to sing a few songs, play a few tunes or tell a story. All proceeds raised go to the many good causes that Síol supports. Free entry into prize draw with every ticket purchased.*




| | |
|---|---|
| 01/04/23 | 8:00pm |
| 17/06/23 | 8:00pm |
| Costas \| Cost: Saorchead isteach ach fáilte roimh shíntiúis Free but donations welcome | |



# CEOLCHOIRM:
# THE JEREMIAHS

Is banna ceol tíre Éireannach iad 'The Jeremiahs' a tháinig le chéile agus é mar sprioc choitianta acu amhráin agus ceol tíre a scríobh, a chumadh agus a sheinm. Tá an domhan siúlta acu agus iad ag seinm a gcuid ceoil i bhfad agus i gcéin agus moltar iad mar bhanna ceol beo nach mór a fheiceáil. Agus meascán iontach acu d'amhráin agus d'fh-oinn nuachumtha ar sheánra an cheoil tíre, agus clár dea-roghnaithe d'amhráin tíre níos sine, is cinnte go sásóidh siad gach éileamh.

Is é Joe Gibney, de bhunadh chontae Bhaile Átha Cliath, príomhamhránaí an bhanna. Ar an fhidil, vióla agus mar amhránaí, tá Niamh Varian–Barry as Contae Chorcaí (a bhí le 'Solas' roimhe seo). Ar an fhliúit agus na feadóga, tá Julien Bruneteau a rugadh sa Fhrainc, agus ar an ghiotár, tá James Ryan, a rugadh i mBaile Átha Cliath.

*"Amhráin iontacha, thochtmhara, mhothúchánacha, giotár den scoth agus meascán feadóige/fliúite a shnaidhmeann le chéile ar nós na bróidnéireachta fíneálta. Ní nach ionadh go bhfuil dúil as cuimse ag na criticí iontu agus is cinnte go mbeidh agatsa fosta!"*
- Larry Groce, láithreoir "*Mountain Stage*."
NPR Music

*The Jeremiahs are an Irish folk band that comprises four musicians who have come together with the common goal of writing, composing and performing folk songs and music. They have travelled extensively, bringing their music far and wide and heralded as a live band not to be missed. With a wonderful mixture*



# NÍ NACH IONADH GO BHFUIL DÚIL AS CUIMSE AG NA CRITICÍ IONTU AGUS IS CINNTE GO MBEIDH AGATSA FOSTA!

*of newly composed songs and tunes in the folk genre and a well selected catalogue of older folk songs, they are sure to rouse all the emotions.*

*Hailing from County Dublin is singer Joe Gibney on vocals. On fiddle, viola and vocals is County Cork's Niamh Varian-Barry (formerly of Solas).*

*On flutes and whistles is the French born Julien Bruneteau and on guitar is Dublin-born James Ryan.*

*"Great songs, poignant, emotional vocals, masterful guitar and fiddle/flute conversations that work like fine embroidery – no wonder critics love them. You will too!"*

*- Larry Groce, host of NPR Music's "Mountain Stage."*

| Dáta \| Date | |
|---|---|
| **22/04/23** | **8:00pm** |
| **£12** | |
| Amharclann Nic Cionnaith, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich | |
| culturlann.ticketsolve.com/shows | |



# JÚCBHOSCA FILÍOCHTA
## POETRY JUKEBOX

Tá an Júcbhosca Filíochta ag #AthrúTeachtaireachta! Tá sé mar aidhm ag an togra seo an comhrá a athrú trí fhocail áille, dhoimhne agus dheimhnithe a roinnt, croíthe agus intinní a oscailt agus an fhilíocht a chur i mbun oibre san áit ar chóir di a bheith: gach áit, do gach duine.

Tá idir lúcháir agus bhród ar an Chultúrlann go bhfuil an chéad Júcbhosca Filíochta lán-Ghaeilge againne ó mhí Feabhra 2022. Cnuasach de 20 dán comhaimseartha atá in 'Cead Aighnis: Leave to Speak', iad léite ag na filí iad féin, le haistriúcháin go Béarla. Ba í an file iomráiteach Celia de Fréine a bhí i mbun choimeádaíocht an Júcbhosca Gaeilge agus tá dánta ann le filí aitheanta agus le filí nua araon, ina measc Gearóid Mac Lochlainn, Máire Mhac an tSaoi, Proinsias Mac a' Bhaird, Philip Cummings agus cuid mhór eile nach iad.

Chomh maith leis na cnaipí a bhrú ar an júcbhosca fisiciúil taobh amuigh den Chultúrlann, tá na dánta ar fad ar fáil ar líne ag **www.quotidian.ie** .

**TÁ SÉ MAR AIDHM AG AN TOGRA SEO AN COMHRÁ A ATHRÚ TRÍ FHOCAIL ÁILLE, DHOIMHNE AGUS DHEIMHNITHE A ROINNT, CROÍTHE AGUS INTINNÍ A OSCAILT AGUS AN FHILÍOCHT A CHUR I MBUN OIBRE SAN ÁIT AR CHÓIR DI A BHEITH: GACH ÁIT, DO GACH DUINE.**




*Poetry Jukebox are #ChangingTheMessage! This project aims to share beautiful, profound and life-affirming words and change the words on our streets, opening hearts and minds, putting poetry to work where it belongs: everywhere, for everyone.*

*The Cultúrlann is proud to host of the first-ever Irish language Poetry Jukebox curation from February 2022. 'Cead Aighnis: Leave to Speak' is a collection of 20 contemporary poems, read by the poets themselves, and with translation to English. Curated by celebrated poet Celia de Fréine, it includes work from Gearóid Mac Lochlainn, Máire Mhac a tSaoi, Proinsias Mac a Bhaird, Philip Cummings and many, many more.*

*As well as pressing buttons on the physical jukebox outside the Cultúrlann, poetry-lovers will be able to listen online at* **www.quotidian.ie.**

www.quotidian.ie

QUOTIDIAN

# SEOLADH LEABHAIR: BÉAL NA PÉISTE LEIS AN TOLLAMH FIONNTÁN DE BRÚN

| 01/04/22 | 1:00pm |
|---|---|
| culturlann.ticketsolve.com/shows | |

Bí linn do sheoladh 'Béal na Péiste', úrscéal nua le Fionntán de Brún. Tá an gradam iomráiteach, Gradam Úrscéalaíochta an Oireachtais buaite ag an tOllamh Fionntán de Brún as a úrscéal Béal na Péiste. Tá seo ar an ghradam is airde do shaothar Gaeilge. Maidir leis an tOllamh Fionntán de Brún Ceapadh Fionntan de Brún ina Ollamh le Nua-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad i Meán Fómhair 2017. Roimhe sin bhí sé ina Léachtóir Sinsearach in Ollscoil Uladh (2006- 17) agus i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste (1998-2006). Bhain sé céim amach sa Léann Ceilteach agus sa Fhraincis in Ollscoil na Banríona (1992) agus bhronn an ollscoil chéanna PhD air in 2002. D'fhoilsigh an Clóchomhar a thráchtas dochtúireachta sa bhliain chéanna faoin teideal Seosamh Mac Grianna - an Mhéin Rúin. Rugadh agus tógadh i mBéal Feirste é agus is iardhalta de chuid Choláiste Maolmhaodhóg é.

*Join us for the launch of Béal na Péiste written by Fionntán de Brún. Professor Fionntán de Brún has won the prestigious Gradam Úrscéalaíochta an Oireachtais for his novel Béal na Péiste. This is the foremost literary award for Irishlanguage works. About Professor Fionntan de Brún Fionntan de Brún was appointed Professor of Modern Irish in Maynooth University in September 2017. Previous to this he was a Senior Lecturer at Ulster University (2006-17) and St Mary's University College, Belfast (1998-2006). He took his BA in Celtic Studies and French (1992) at Queen's University Belfast and received his PhD at QUB in 2002. His doctoral thesis was published in the same year by An Clóchomhar as Seosamh Mac Grianna - an Mhéin Rúin. He was born and raised in Belfast where he attended St Malachy's College.*

# BÉAL NA PÉISTE

*Fionntán de Brún*





BRUISER THEATRE COMPANY

# MOJO MICKYBO

Léiríonn Mojo Mickybo an cairdeas idir beirt ghasúr agus iad ag fás aníos i mBéal Feirste, cairdeas atá i dtosach báire slán ón fhoréigean seicteach atá ag titim amach timpeall orthu ach, dá ainneoin sin, is é an foréigean sin an buille scoir dóibh. Is beirt ghasúr naoi mbliana d'aois iad Mojo agus a chara Mickybo ar dhá thaobh na deighilte seictí. Tá siad beirt béalscaoilte amach, iad chomh mór le dhá cheann capaill agus iad ag súgradh buillí cinn, ag tógáil bothán, ag caitheamh seile as balcóin pictiúrlann agus ag déanamh athléiriú ar a rogha scannáin, 'Butch Cassidy and the Sundance Kid'. Is ábhar buachaillí bó óga iad, nach dtéann foréigean na coimhlinte i bhfeidhm orthu ach ar bhealach gan fhios go dtí go scriostar a gcairdeas ar bhonn nach dtuigfidh siad go dtí níos faide anonn.

Ardscéalaíocht a chuirtear inár láthair i stíl fhuinniúil fhisiciúil Bruiser. Ar luas lasrach a léirítear eachtraí an dráma, é lán den ghreann dubh agus den spleodar. Beirt de na haisteoirí áitiúla is fearr dá bhfuil againn, Michael Condron agus Terence Keeley, a thugann na carachtair chun beochta.

Tá Compántas Amharclannaíochta Bruiser aitheanta as a léirithe fuinniúla tarraingteacha a ghluaiseann ar aghaidh go gasta. Faoi stiúradh críochnúil Lisa May, is cúis bhróid í do Bruiser Theatre Co idir thallann agus stair achrannach na sé chontae a léiriú the tseó iomráiteach seo. Tá aischothú lucht féachana dochreidte maith faighte ag Mojo Mickybo chomh maith le hollghairdeas criticiúil uilechoiteann, gan trácht a dhéanamh ar an ghradam “”Best Ensemble” agus ainmniúchán don “Best Director” ag Irish Times Irish Theatre Awards, 2022.

*Mojo Mickybo shows the friendship between two boys growing up in Belfast – a friendship that at first is immune to the sectarian violence taking place around them, but which nonetheless is ultimately destroyed by it. Mojo and his mate Mickybo are two nine-year-old boys from opposing sides of the sectarian divide. They are as 'thick as two small thieves'; playing headers, being mouthy, building huts, spitting from cinema balconies and re-enacting their favourite movie, Butch Cassidy and the Sundance Kid. They are young cowboys in the making, with the violence of The Troubles only obliquely impacting on them – until finally their friendship is destroyed in a way that they only later come to understand.*

*Pure, undiluted storytelling in Bruiser's trademark dynamic physical style. Fast-paced, darkly funny and action-packed. The show is brought to life by two of our finest local actors, Michael Condron and Terence Keeley.*

*Bruiser Theatre Company are renowned for their fast-paced, energetic, and engaging performances. Under the meticulous direction of Lisa May, Bruiser Theatre company is proud to showcase both Northern Ireland's talent and complex history through this critically acclaimed production. Winner of 'Best Ensemble' and Nominated for 'Best Director' at the Irish Times Irish Theatre Awards, 2022,Mojo Mickybo has received outstanding audience feedback and critical acclaim across the board.*

| | |
|---|---|
| 11/05/23 | 7:30pm |
| £12 | |
| culturlann.ticketsolve.com/shows | |



## SUSAN HUGHES
## LÉASPÁIN

Is cuid de shaothar ealaíne leanúnach é 'Léaspáin' a scrúdaíonn an méid a bhíonn i bpáirt ag eispéiris chéadfacha shícideileacha sa dúlra agus ag béaloideas traidisiúnta na hÉireann. Chuaigh an mhéarnáil bhithlonrach i bhfeidhm chomh mór sin ar an ealaíontóir gur thosaigh sí a fhiosrú an dóigh ar bhain daoine i rith na staire ciall as tarluithe nádúrtha mistéireacha, na scéalta a bhaineann leo agus na n-éifeachtaí fisiciúla agus cognaíocha ar an chorp. Úsáideann Hughes ábhair shintéiseacha shaorga a bhaineann go minic le nithe 'uirbeacha' chun íomhánna tumthacha féachana a chruthú. Sa taispeántas seo cuireann sí fís dhigiteach agus boscaí solais peirspéacs i láthair mar léirithe dealbhóireachta ar a cuid saothair. Bhain Susan Hughes, as Béal Feirste, Máistreacht san Ealaín amach in 2021 ó Ollscoil Uladh. Tá go leor tréimhsí cónaitheachta mar ealaíontóir curtha i gcrích aici in Éirinn agus i gCríoch Lochlann áit ar bhain sí úsáid as an bhua atá aici mar fhidléir traidisiúnta mar uirlis bhabhtála chun scéalta áitiúla a aimsiú.

*'Léaspáin' is part of an ongoing body of artwork exploring the intersection of psychedelic sensual experiences in nature with traditional Irish folklore. The intensity of the artists' own experience of bioluminescent phosphorescence started an inquiry into how humans throughout history have made sense of mysterious natural occurrences, the stories that are associated with them and the physical and cognitive effects on the body. Hughes uses synthetic and artificial materials often associated with the 'urban' to create immersive viewing environments. In this exhibition she presents digital video and perspex light boxes as sculptural manifestations of her subject matter. Susan Hughes, from Belfast, graduated with a Masters Degree in Art in 2021 from the University of Ulster. She has completed many artist residencies in Ireland and Scandinavia where she has used her traditional fiddle playing as a bartering tool to gain access to local stories.*

| 23/03/23 | 27/05/23 |
|---|---|
| Dánlann Dillon | |



# MICHELLE HARTON
## THE LAND OF GEMINI

In "The Land of Gemini" is mian leis an ealaíontóir Michelle Harton a thaispeáint cé chomh hálainn is atá an domhan trí shamhlaíocht s'aici féin agus í ag brionglóideach ar shaol a ainmníodh as a réaltchomhartha féin. Spreagann an corrspléachadh draíochta a nochtar dúinn ar bhonn laethúil í: luí na gréine, lochán carraige, frithchaitheamh solais as limistéar uisce agus an fuinneamh a fheictear agus nach bhfeictear a thagann as gach ní beo. Tugann Michelle cuireadh don lucht féachana a gcuid cúraimí a fhágáil taobh istigh de na pictiúir agus faoiseamh a tharraingt ón ghluaiseacht, ó na dathanna agus ón mhéid ama a chaitear ag féachaint ar an saothar.Tá sé mar aidhm aici go n-éireoidh an lucht féachana sáite sna tírdhreacha péinteáilte a chruthaíonn sí agus go bhfágfaidh siad an taispeántas agus spionn níos éadroime orthu ná a bhí nuair a tháinig siad isteach. Tá súil aici go spreagfaidh nádúr mistiúil an tsaothair an lucht féachana chun smaoineamh ar a dtimpeallacht nádúrtha féin, go mothóidh siad iarracht den draíocht iontu féin agus tuiscint acu gur muidne feighlithe na háilleachta seo.

*In "The Land Of Gemini" artist Michelle Harton desires to show how beautiful the earth is through the lens of an imagined dream world named after her star sign. She is inspired by the magical glimpses we get daily, be it a sunset, a rock pool, light reflecting off a body of water and the energy seen and unseen that emanates from each living thing. Michelle invites the viewer to leave their burdens within the paintings and take relief from the movement and colours and time spent with a piece. Her aim is for the viewer to get lost in the painted landscapes she creates and leave the exhibition a little lighter than they came in. She hopes the mystical nature of the work encourages viewers to think about their own natural surroundings and how they can also feel magical while understanding that we are the caretakers of this beauty.*

| | |
|---|---|
| 23/03/23 | 26/05/23 |
| Dánlann Dillon | |

# TOMAS MONTEIRO
## SLABHRA NA GCUIMHNÍ
## CHAIN OF MEMORIES

Pléifidh an taispeántas seo téamaí an cheangail i gcomhthéacs na hintinne agus na ngnéasachtaí aiteacha. Fiosróidh sé an ghnéasacht agus an grá trí shúile an duine aitigh, an dóigh a dtagann naisc chun cinn agus mar a réitíonn daoine aiteacha lena dteaghlach tofa. Cíorann sé an dóigh a gcruthaíonn a gcuid eispéireas naisc agus mar a chruthaíonn na naisc sin slabhra a théann a mhéadú, rud a fhágann lúb ar lár in áiteanna. Amharcaim ar mo chuimhní cinn agus ar m'aigne mar shlabhra, slabhra cuimhní, idir olc agus mhaith. I saothar eile atá déanta agam, phléigh mé an tráma a bhaineann le mí-úsáid ghnéis agus freagairt mo choirp ina leith, agus an dóigh ar mhúnlaigh an t-eispéireas trámach sin mé. Nuair a thosaigh mé ag smaoineamh fúm féin, is ansin a bheartaigh mé seó a chruthú a léireodh m'intinn féin agus an dóigh a mothaíonn muid eispéiris a mhúnlaíonn muid uilig mar dhaoine daonna. Trí chriadóireacht, fuaim agus meáin eile, d'éirigh liom an taispeántas seo a chur le chéile chun eispéiris éagsúla, idir mhaith agus olc, a léiriú. Fulaingíonn an chuid is mó de dhaoine aiteacha tráma i rith a saoil agus bhí mé ag iarraidh na mothúcháin sin a léiriú mar eispéiris ghoilliúnacha shuntasacha. Cíorann an saothar atá ar taispeáint na heispéiris, na mothúcháin agus an tráma sin agus déantar iarracht é sin a léiriú trí íomhánna láidre agus téacs láidir. Máille na lúb atá sa phríomhphíosa. Rinneadh na lúba, 400 acu, de láimh agus aistríonn siad ó chré dhubh go cré bhán.

*This exhibition will talk about the themes of connection in the context of the mind and queer sexualities. This show will explore sexuality and love through the queer lens, examining how connections occur, how queer people create and live with their chosen family, how experiences create links and how these links become a larger chain and how, as the chain gets larger, it can also create weaker points. I think of memories and my mind as a chain, a chain of memories, from the good ones to the bad ones. In my past works I explored the trauma of sexual abuse and how my body reacted and how that traumatic experience shaped me. When I started to think about me, I wanted to*



| 01/06/23 | 27/07/23 |
|---|---|
| Seoladh \| Launch: 01/06/23 \| 7:00pm | |
| Dánlann Dillon | |

*create this show to represent my mind and how we as people have experiences to shape us. Through the use of ceramics, audio and other mediums I was able to create this show to represent different experiences, good and bad. Most queer people suffer trauma throughout life and I wanted to represent those feelings and those emotions as raw and strong experiences. The work shown explores the experiences, thoughts and trauma, and uses strong visual and texts to represent these experiences. The main work is a hand-built chainmail. The 400 links are handmade and transition from black clay to white clay.*

**Féinaisnéis**

Is ealaíontóir ceirmeach mé agus tá mo shaothar uilig bunaithe ar thaithi éagsúil saoil agus ar léirithe ar na spéiseanna s'agamsa. Ar na próisis a úsáidim tá múnlóireacht, léiriú, dealbhóireacht agus suiteáil, ach is í an chriadóireacht an meán is minice a úsáidim i bpróiseas cruthaithe mo chuid saothair. Faighim an chuid is mó den spreagadh chun dul i mbun oibre cruthaithí ón mhian atá agam m'fhéiniúlacht mar dhuine aiteach a fhiosrú, rud a eascraíonn ó imeachtaí agus ó chomhthéacsanna i mo shaol pearsanta a mhúnlaigh mé mar dhuine agus mar ealaíontóir. Ní hamháin go ndíríonn go leor den saothar atá déanta agam ar na mallaibh ar smaointe ealaíontóra óig aitigh atá ag déanamh féinmhachnamh ar shaol an duine aitigh, ach ar dhuine atá ag iarraidh, ag an am céanna, ciall a bhaint as eispéiris thrámacha a bhí aige mar gheall ar mhí-úsáid mheabhrach, fhisiciúil agus ghnéis mar gheall ar a ghnéasacht. I gcuid mhór den obair dheireanach s'agam, bím ag obair le smaointe faoin chorp agus faoi shoitheach ceirmeach, agus faoi úsáid an bhoid le cur i gcoinne cruth coirp a bheith tugtha do réad. Na soithigh a chruthaím, de ghnáth, tchíthear iad mar rudaí baineanna agus le cur ina choinne sin, roghnaím an bod leis an inscne a thugann an tsochaí don soitheach a bhaint dó. Oibríonn an cineál céanna oibre fosta leis na heispéiris a bhaineann le mí-úsáid ghnéis agus cuireann sí na heispéiris sin i láthair ar bhealach neamhshuntasach maidir lena bhfuil ar taispeáint. I mo chuid oibre amach anseo, rachaidh mé isteach níos doimhne ar smaointe a bhaineann le gnéasacht agus ragús, agus mé ag amharc ag an am céanna ar sheantheicnicí agus ar sheanshaothar atá déanta ag ealaíontóirí aeracha eile.

**Bio**

*I am ceramic artist and my artworks all come from different experiences of life and expressions of my interests I use the processes from mould-making, performance, sculpture, installation, and mainly ceramics in the process of the creation of my works. Most of the incentive for my work comes from the exploration of my identity as a queer person which comes from different events and contexts of my personal life which shaped who I am as a person and as an artist. A lot of my recent work not only explores the ideas of a young queer artist who is self-exploring ideas of being queer but also tries to make sense at the same time of traumatic experiences brought by being queer from mental ,physical and sexual abuse.*

*A lot of my recent work works with the ideas of the body and a ceramic vessel and the usage of the penis to create and fight the idea of a body shape given to an object. The vessels I create are typically seen as feminine and to counteract this, I choose to use the penis object to take away the given gender of the vessels by society. That same type of work also works and showcases the experiences of sexual abuse in a non-triggering on what is being shown. My future work will explore more on ideas of sexuality and desire while looking at vintage techniques and vintage works done by other queer artists.*

# LANE SHIPSEY
## HOMING

An gciallaíonn an focal HOMING (a) teach a thógáil (briathar) nó (b) an mbaineann sé le diúracán atá dírithe go docht ar thargaid (aidiacht) – agus sa chás sin d'fhéadfadh sé a bheith mar bhealach le teach a mhilleadh nó a scriosadh?
Féachann na grianghraif sa chéad seó aonair de chuid Lane Shipsey, HOMING, leis na ceisteanna thuas a fhreagairt agus í ag amharc ar bhealach sainiúil, pearsanta agus, in amanna, greannmhar ar an bhaile, ar neadú agus ar an dóigh a smaoiníonn muid ar an bhaile. Na grianghraif seo a tógadh ar thuras, tairgeann siad turas don lucht féachana. Agus cruthaíonn siad ceisteanna eile ar an bhealach ... Cad é a chiallaíonn 'bheith ar do shuaimhneas'? Agus cad é a mhothaíonn muid má tá an baile agus an áit ina bhfuil muid inár gcónaí an-éagsúil lena chéile? Folaíonn grá gráin – an é sin réiteach na ceiste? Goitse go bhfeicfidh tú an seó, agus scríobh líne i leabhar nótaí HOMING le do fhreagra(í).

*Does the word HOMING (a) mean to make a home (verb) or (b) describe a missile locked on to a target (adj.) — in which case it could be a way to destroy or unmake a home?*

*The photographs in Lane Shipsey's first solo show HOMING seek answers to these questions, taking an idiosyncratic, personal, and occasionally humorous look at home, homing and ways we think about home. These photographs, made on a journey, offer the viewer a journey. Along the way, more questions... What do we mean when we say we feel at home? And what do we feel when the place we live in could easily be someplace else? Is the answer all in the eye of the beholder? Come see the show, and write a line in the HOMING notebook with your answer/s.*

**Féinaisnéis:**
Thosaigh Lane Shipsey ag tógáil grianghraf nuair a théadh sí amach ar shiúlóidí agus í ag teacht chuici féin i ndiaidh gortú. Tógadh na grianghraif i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain. Scríobhann Lane neamhfhicsean agus gearrscéalta chomh maith.

**Bio:**
Lane Shipsey began making photos when recovering from an injury and going walking. Photographs were made in the Republic of Ireland, Northern Ireland and Britain. Lane also writes non-fiction and short stories.




EI-FRI





# RANGANNA GAEILGE
## IRISH CLASSES

Leanann ranganna Gaeilge na Cultúrlainne ar aghaidh go dtí an tríú téarma den bhliain acadúil seo. Tá cúrsa 10 seachtaine ar fáil ina gcuimsítear Bunrang, Meánrang agus Rang Comhrá atá dírithe ar leibhéal Ardranga. Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a lorg trí theagmháil a dhéanamh le sinead@ culturlann.ie

*Cultúrlann's Irish classes continue on to the second term of this academic year. We offer a 10 week course which covers Beginner, Intermediate and a conversation class aimed at Advanced level. You can register or get additional information through contacting sinead@culturlann.ie*

| 19/04/23 | 21/06/23 |
|---|---|
| 7.00pm | |
| 10 seachtaine \| 10 weeks | |
| Costas: £30 | |
| Cláraigh \| Register: https://culturlann.ticketsolve.com | |



# IÓGA LE DUNLA
## YOGA WITH DUNLA

Breathnaítear sa rang seo ar réimsí éagsúla de struchtúr, feasacht, análú agus gluaiseacht. Tá an rang dátheangach seo breá fóirsteanach do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon.

This bilingual class explores different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level.

| | |
|---|---|
| 18/04/23 | 20/06/23 |
| 6.30pm | |
| Rang seachtainiúil \| Weekly class | |



# NA SAOITHE GAN LOCHT
## PENSIONER'S CLASS

Buail isteach chuig Rang na bPinsinéirí a bhíonn ar siúl gach Céadaoin sa Chultúrlann. Rang neamhfhoirmeálta atá ann le go leor béime ar chora cainte agus ar fhrásaí úsáideacha.

*Call in to the Pensioners' Irish Language class which is on every Wednesday here in the Cultúrlann. It's an informal class with plenty of emphasis on turns of phrases and conversation tips.*

| | |
|---|---|
| 19/04/23 | 21/06/23 |
| 10:00am - 12:00pm | |
| Saorchead \| Free | |



# CIORCAL LÉITHEOIREACHTA
# READING CIRCLE

An maith leat a bheith ag léamh? Ar mhaith leat bualadh le daoine agus dreas comhrá a dhéanamh ar leabhair? Más é sin an cás, tar chuig céad teacht le chéile na bliana den Chiorcal Léitheoireachta. Tagann an Ciorcal Léitheoireachta le chéile uair sa mhí. Fáilte roimh achan duine.

*Do you like to read? Would you like to meet other people and chat about books? If so, come to the first get-together of the year. The reading circle come together once a month. Fáilte roimh achan duine.*




Báire na Fola le Séamus Ó Grianna

| | | |
|---|---|---|
| Luan | 24/04/23 | 6:30pm |




Béal na Péiste le Fionntán de Brún

| | | |
|---|---|---|
| Luan | 24/04/23 | 6:30pm |




Na Ríthe Beaga le Delphine de Vegan, arna aistriú ag Máirín Nic Con Iomaire

| | | |
|---|---|---|
| Luan | 22/05/23 | 6:30pm |

Áit| Place : Bia Loch Lao

Eolas | Info: Sinead@culturlann.ie



# DIANCHÚRSA GAEILGE
## INTENSIVE COURSE

Tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ag reáchtáil Dianchúrsa Gaeilge. Is bealach iontach é dianchúrsa le cur go mór le do chuid scileanna teanga taobh istigh d'achar ama gairid. Cúrsa spreagúil eolasach a bheidh ann agus bíodh geall go gcothóidh an cúrsa seo muinín ionat as do chumas Gaeilge.
Is iad na leibhéil atá againn:
Bunrang – Meánrang – Ardrang

*Cultúrlann McAdam Ó Fiaich is running an Irish Language Intensive Course. Intensive courses are a great way to boost your language skills in a short space of time. The course will be both motivating and informative and will take your confidence in the Irish language to another level.*
*The levels we offer are:*
*Beginner – Intermediate – Advanced*

| |
|---|
| 06/05/23 |
| 10:00am - 3:00pm |
| Costas: £15 |
| Cláraigh \| Register: |
| https://culturlann.ticketsolve.com/shows |

## NA MEÁIN SHÓISIALTA

## SOCIAL MEDIA

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair 'like' dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced to keep you entertained.

## TACAIGH LINN

## SUPPORT US

**https://culturlann.ticketsolve.com/ticketbooth/products/donation**

CULTÚRLANN
MᶜADAM Ó FIAICH

Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Airts Cooncil o Norlin Airlann

CISTE OIDHREACHTA
HERITAGE FUND

Foras na Gaeilge

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

An Roinn Pobal